

AN MARCO POLO GAEILGE AGUS FÍNGHEAN MAC CARTHAIGH RIABHACH¹

ACHOIMRE

This article discusses the connections between the Irish adaptation of Marco Polo’s *Travels*, which survives in the Book of Lismore, and the patrons of that manuscript, Fínghean Mac Carthaigh Riabhach and his wife Caitilín. It examines the principal alterations that were made to the text as it was being translated, and suggests that the war between Cublay Khan and two of his close family members was emphasised in the adaptation in order to mirror the struggles of Fínghean against his cousin Cormac, and Caitilín’s brother’s conflict against their uncle Gearóid Mac Gearailt during the 1460s and 70s. The article argues that the translator used specific narrative techniques to emphasise this episode in the text, that he may have adjusted certain details in order to improve the parallel between Cublay and Fínghean, and shows how the account of the war is expanded within the text as a whole.

AISTRIÚCHÁN, achoimre agus athscríobh is ea an Marco Polo Gaeilge (MPG) de leagan Laidine *Eachtra Mharco Polo*, dar teideal *De conditionibus et consuetudinibus orientalium regionum* (P), a d’aistrigh manach Doiminiceach ó Bhologna darbh ainm Francesco Pipino, idir 1310 agus 1324, ó Veinísis.² Ní mhaireann an t-aistriúchán Gaeilge ach in aon lámhscríbhinn amháin, .i. Leabhar Leasa Móir (L), nó *Leabhar Mhég Carthaigh Riabhaigh* mar a thug Míchéal Ó Cléirigh air is é ag cóipeáil as *i ccoinveint na mbrathar i tTeagh Molacca* i samhradh na bliana 1629.³ Is dóichíde gur scríobhadh i ndeireadh an chúigiú céad déag é d’Fhínghean Mac Carthaigh Riabhach, Tiarna Chairbre idir 1478 agus 1505, agus dá bhean chéile Caitilín (†1506), iníon le Tomás Mac Gearailt (†1468), an t-ochtú hIarla Deasmhumhan.⁴ Mar ba mhinic i

¹Táim fé chomaoín ag an Ollamh Pádraig Ó Macháin a roinn a pháipéar neamhfhoilsithe liom ar scríobhaithe L a thug sé ag comhdháil i gColáiste na hOllscoile Corcaigh sa mbliain 2011, agus ag an Ollamh John Carey as a pháipéar neamhfhoilsithe ar an MPG, a thug sé ag an gcomhdháil chéanna, a roinnt liom chomh maith. Táim ana-bhaoch den bpiarmheasúnóir anaithnid a léigh dréacht don alt so, agus go raibh moltaí fiúntacha aige dhom, agus don Dr Tomás L. Ó Murchú agus an Dr Mícheál Hoyne a léigh dréachtaí déanacha den alt agus go raibh roinnt moltaí eile acu dhom.

²Consuelo Dutschke, ‘Francesco Pipino and the manuscripts of Marco Polo’s *Travels*,’ unpublished PhD thesis, University of California, Los Angeles, 1993, 239; Andrea Palandri, ‘The Irish adaptation of Marco Polo’s *Travels*: mapping the route to Ireland’, *Ériu* 69 (le teacht).

³An Bhruiséil LS 2324–40, fol. 113r.6–8 agus 122r.8–9. Féach chomh maith: Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí, 1700–1850* (Dublin, 1982), 233–4; Brian Ó Cuív, ‘Observations on the Book of Lismore’, *PRIA* 83C (1983), 269–92, ar lch 285.

⁴Ó Cuív, ‘Observations’, 269–70; Richard Sharpe, ‘Medieval manuscripts found at Bonamargy friary and other hidden manuscripts’, *Studia Hibernica* 41 (2015), 64–70.

dtraidisiún an aistriúcháin le linn na meánaoise déanaí in Éirinn,⁵ nór fhan údar an MPG dílis do struchtúr, stíl inste ná fiú do thuairiscí an taiscéalaí Veíníseach mar a bhfodar roimis amach i P, ach d’athmhúnaigh an *Eachtra* ó thalamh chun é a chur in oiriúint dá léitheoirí agus dhein cur síos úrnu ar scéal Mharco Polo ná maireann a mhacasamhail in aon leagan eile den téacs dá bhfuil againn. Pléifear san alt so cuid desna hathruithe is suntasaí a deineadh ar scéal Mharco Polo agus é á thiontú go Gaeilge, agus déanfar iarracht ar iad a mhíniú trí anailís ar chúlra stairiúil na lámhscríbhinne. Díreofar go háirithe ar na cosúlachtaí idir chogadh a throid Fínghean agus Caitilín lena ngaolta agus an t-éirí amach a throid Cúbla Cán lena uncail agus a chol ceathrair fhéin, go bhfuil cuntas air i P. Léireofar conas a cuireadh béim ar an gcuid áirithe seo den MPG agus áiteofar gur deineadh amhlaidh chun cathanna Fínghean agus Caitilín a thabhairt chun cuimhne an athair.

Tosnóidh an t-alt so le hachóimre gheairid ar aistear stairiúil Mharco Polo, ar thraidisiún téacsach an *Eachtra* san Eoraip agus ar a teacht go hÉirinn. Pléifear an ceangal idir Fínghean, L agus mainistir Thighe Mo Laige i gCairbre, agus taispeánfar, trí anailís phailéagrafach ar an lámhscríbhinn, ná raibh an ceart ag Ó Cuív nuair a léirigh sé amhras ar phátrúnacht an leabhair.⁶ Déanfar mionphlé ansan ar conas go díreach a athscríobhadh an téacs, cad a fágadh ar lár san aistriúchán, cad a méadaíodh, cad a roghnaíodh i dtaobh stíl an phróis, agus pléifear cad a spreag na cinntí so.

SAOL AGUS SAOTHAR M HARCO POLO

Ceannaí agus taiscéalaí Véiníseach ab ea Marco Polo a thaistil i dteannta a athar is a uncail ó chathair na Véinise go Beijing na Síne sa mbliain 1271.⁷ Nuair a d’fhill sé abhaile sa mbliain 1295, bhí breis is fiche bliain caite aige mar fheisire ag Cúbla Cán (Magnus sa MPG), impire na Mongóile. De réir tuairisce a faightear i ndíonbhrollach an *Eachtra*, dheachtaigh Marco Polo cuntas dá thuras do Rustichello da Pisa, scéalaí Artúraíochta a bhí in aon chillín leis i bpríosún Genoa, sa mbliain 1298.⁸ Scaipeadh scéal Mharco Polo go tapaídh ar fuaid na hEorpa ina dhiaidh sin, agus aistríodh an *Eachtra* go Fraincis, Angla-Normanaís, Catalóinis, Aragóinis, Tuscáinis agus go Veínísis go luath sa cheathrú céad déag. Ba é an leagan ba thábhachtaí do luath-thraidisiún an *Eachtra* san Eoraip, áfaigh, an t-aistriúchán Laidine (P) a dhein an manach

⁵Tá sé seo pléite ag Brent Miles, *Heroic Saga and Classical Epic in Medieval Ireland* (Cambridge, 2011), agus ag Jason Harris, *Adaptations of Roman Epic in Medieval Ireland: Three Studies in the Interplay of Erudition and Oral Tradition* (Lampeter, 1998).

⁶Ó Cuív, ‘Observations’, 270.

⁷Tá cuntais chuimsitheacha ar shaol Mharco Polo scríte ag J. Larner, *Marco Polo and the Discovery of the World* (New Haven, Connecticut, and London, 1999), 31–67; S. Gaunt, *Marco Polo’s Le Devisement du Monde: Narrative Voice, Language and Diversity* (Cambridge, 2013), 1–39; Henry Yule, *The Travels of Marco Polo: The Complete Yule-Cordier Edition*, 2 vols (New York, 1993), i, Introduction, 15–20; Eugenio Burgio and Mario Eusebi, *Per una nuova edizione del Milione* (Roma, 2008), 42.

⁸Thuairimigh Ramusio go mb’fhéidir gur throid Marco Polo ar rámhlong Véiníseach i gCath Curzola, gur gabhadh ansan é agus gur cuireadh i ngéibhinn i Genoa ina dhiaidh sin é. Féach Gaunt, *Marco Polo*, 5.

Doiminiceach Francesco Pipino ó Bhologna idir na blianta 1310 agus 1324. I measc an 141 lámhscríbhinn meánaoiseach ina bhfuil leagan den *Eachtra*, tá leagan Phipino, nó leaganacha a shíolraíonn uaidh, le fáil i 69 ceann acu, nách mór a leath.⁹ Maireann ceithre aistriúchán de P ón gceathrú agus ón gcúigiú céad déag, .i. dhá chóip de leagan Fraincise, leagan Seicise, leagan Veinísise agus an MPG in L.¹⁰

Chomh maith leis an ainm *Pronsisus* a bheith luaite ina bhfuil fágtha de dhíonbhrollach P sa MPG, agus míreanna beaga Laidine neamhaistrithe a bheith scaipthe ar fuaid an téacs, dhein Pipino dhá athrú struchtúrtha thábhachtacha ar a leagan den *Eachtra* go bhfuil a rian orthu san aistriúchán Gaeilge. Fágann san gur féidir a bheith nách mór deimhnitheach de gur bunaíodh an MPG ar a leagan súd den téacs, is iad so: 1) díonbhrollach nua a chur i dtosach an *Eachtra*, ina ngabhann Pipino a leithscéal fén ábhar neamhchráifeach sa téacs agus ina ngeallann sé dá léitheoirí go bhfuil gach tuairisc ann fíor agus iontaofa, agus gur féidir brath ar chuntas Mharco toisc gur duine stuama, diaganta, macánta is ea é;¹¹ 2) an téacs a roinnt ina thrí leabhar, struchtúr ná fuil le fáil in aon leagan eile den *Eachtra* ná síolraíonn ó P. Fairis sin, tá roinnt mionathruithe san aistriúchán Gaeilge a shíolraíonn ó dhearúdaí peannaireachta a faightear i bhfoleaganacha de théacs Phipino a cóipeáladh i Sasana le linn an cheathrú agus an chúigiú céad déag.¹²

FÍNGHEAN, L AGUS MAINISTIR THIGHE MO LAIGE

Idir *folia* 121 agus 131 de L a faightear an t-aon chóip amháin den MPG. Tá tosach is deireadh an téacs in easnamh toisc cúpla duilleog a bheith ar iarraidh ón lámhscríbhinn díreach roimis is tar éis an téacs. Má cuireadh díonbhrollach leis an MPG riamh, mar a dhein Fínghean Ó Mathghamhna agus é ag aistriú Mandeville go Gaeilge sa mbliain 1475 i Ros Broin,¹³ inar mhínigh an t-údar *log*, *pearsa*, *aimsir* agus *fáth airicc* a aistriúcháin, tá san caillte anois, fóiríor, agus caithfeadh comhthéacs scríte an MPG a thuiscint trí mhionscrúdú ar an lámhscríbhinn fhéin agus ar na hathruithe a deineadh ar théacs Pipino is é á aistriú go Gaeilge.

⁹Christine Gadrat-Ouerfelli, *Lire Marco Polo au Moyen Age: traduction, diffusion et réception du Devisement du Monde* (Turnhout, 2015), 384–5.

¹⁰Dutschke, ‘Francesco Pipino’, 279–81, 305–7, 436–7, 449–52 agus 467–8; L. F. De Benedetto, *Il Milione di Marco Polo* (Firenze, 1928), cxliv–cxlv.

¹¹Dr Simion a dhein an tras-scríbhinn so a leanas ó Florence, Biblioteca Riccardiana, 983, fol. 1vb, agus is liomsa an t-aistriúchán: ‘Cunctis in eo legentibus innotescat prefatum dominum Marchum horum mirabilium relatorem virum esse prudentem, fidelem et devotum atque honestis moribus adornatum, a cunctis sibi domesticis testimonium bonum habentem ut multiplicis virtutis eius merito sit ipsius relacio fide digna.’ (‘Go raibh a fhios ag gach aoinne a léann é seo gur fear stuama, iontaofa, diaganta, go bhfuil nósanna macánta aige, agus go bhfuil a fhianaise mhaith sin aige óna shearbhóntaí tí ar fad, é an t-uasal Marco réamhráite, eachtraí na n-iontas so, agus gurbh iontaofa an cuntas so aige de dheascaibh a ilshuáilcf.’) Léiríonn an dá bhriathar san in-finideach agus rangabháil láithreach sa mhír seo, .i. *esse* agus *habentem*, go raibh Marco Polo fós ina bheathaidh le linn do Phipino a bheith á scríobh so.

¹²Beidh mionphlé agam air seo in Palandri, ‘Irish adaptation’.

¹³W. Stokes, ‘The Gaelic Maundeville’, *ZCP* 2 (1899), 1–62 and 226–300, ar lgh 2–4.

Cruthaíonn fianaise a d’aimsigh Ó Macháin le déanaí go raibh beirt phríomhscríobhaithe L, .i. scríobhaí gan ainm go dtugtar Scríobhaí A air agus Aonghas Ó Callanáin, ag obair as lámha a chéile i ndéanamh na lámhscríbhíne,¹⁴ rud nár thuig Ó Cuív agus a chuir amhras air fé phátrúnacht an leabhair.¹⁵ Tá ar a laghad trí phointe sa lámhscríbhinn go bhfuil an chomhpháirtíocht so le sonrú ann: 1) ar fol. 201, líníodh duilleog tosaigh *Agallamh na Seanórach* (*Agallamh*) de réir nósanna Scríobhaí A cé gur le hAonghas Ó Callanáin an pheannaireacht;¹⁶ 2) ar fol. 202r, lean Scríobhaí A le hobair Aonghasa i gcóipeáil an *Agallamh*, agus chríochnaigh sé rann a thosnaigh Aonghas a scríobh; 3) ar fol. 200v, líonann Scríobhaí A an leathcholún a bhí fágtha tar éis d’Aonghas *An Agallamh Bheag* a chríochnú, le miontéacs a thosnaíonn *coicc bhrúighne hÉireann*. Cruthaíonn na trí phointe seo thuas go raibh an bheirt scríobhaithe ag obair le chéile ar an lámhscríbhinn. Agus is iontuisciana as san, má bhí Aonghas ag scríobh d’Fhínghean, mar a thugann sé le fios ina cholafan ar fol. 134rb, *Aonghas Ó Callanáin do scríbh so do Mhag Carrthaig .i. Fínghean mac Diarmada*, gur amhlaidh a bhí á dhéanamh ag a chomhghleacaí, Scríobhaí A, agus gurb aon mhórshaothar amháin í an lámhscríbhinn.

Tá a thuilleadh fianaise againn de san sna ceithre nóta a cuireadh in imeall bheathaí na naomh sa lámhscríbhinn (fol. 42r, 49v, 53r agus 59r), a iarann ar lucht léite na mbeathaí beannacht a thabhairt *ar anmannaibh na lanamhan dár scríobhadh* iad agus *do chuir dá scríobhadh*.¹⁷ Is féidir a shonrú ó fhocláíocht, leagan amach agus stíl na nótaí seo go léir gur aon scríobhaí amháin a bhreac iad, agus iad ar fad scríte os chionn nó fé bhun tosach beatha naoimh éigin sa lámhscríbhinn. Ach ní hionann an pheannaireacht i ngach aon cheann acu, agus dealraíonn sé gur athscrígh duine éigin cuid den nóta ar fol. 49r, agus go mb’fhéidir gur deineadh amhlaidh ar an gceann ar fol. 42. Díol spéise is ea é leis nár chóipeáil Seosamh Ó Longáin an nóta ar fol. 53r sa dá chóip pháipéir a dhein sé de L sa mbliain 1866,¹⁸ toisc gur mheas sé, b’fhéidir, ná raibh an

¹⁴D’áitigh an Machánach an méid seo i gcaint a thug sé ag comhdháil ar Leabhar Leasa Móir i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh sa mbliain 2011. Táim fé chomaoín ag an Ollamh Ó Macháin as a thaighde neamhfhoilsithe ar scríobhaithe L a roinnt liom agus tá na trí phointe thuas luaite foilsithe anso lena chead. Féach chomh maith Pádraig Ó Macháin, ‘Aonghas Ó Callanáin, Leabhar Leasa Móir agus an *Agallamh bheag*’, in Aidan Doyle and Kevin Murray (eds), *In Dialogue with the Agallamh: Essays in Honour of Seán Ó Coileáin* (Dublin, 2014), 114–63, ar lgh 144–7, 160–1.

¹⁵Ó Cuív, ‘Observations’, 269–70. Féach chomh maith: D. Ó Corráin, *Clavis Litterarum Hibernensium*, 3 vols (Turnhout, 2017), ii, 1101–2; S. Duffy (ed.), *Medieval Ireland: An Encyclopedia* (New York and London, 2005), 279–80.

¹⁶Tá dhá stíl éagsúla líníochta ag an mbeirt scríobhaithe: ‘scribe A uses single left-hand bounding lines of the columns whereas Aonghas Ó Callanáin uses double-rule.’ Foilsím é seo ó chomhfhreagras pearsanta leis an Machánach agus lena chead.

¹⁷L, fol. 42r agus 59r; L, fol. 49v.

¹⁸Leabharlann Ollscoil Dhún Éideann LS Dk.1.31; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Leabharlann Hardiman LSB 180. Pléann an Machánach na lámhscríbhinní seo in: Pádraig Ó Macháin, ‘Ealaín na lámhscríbhinní: Leabhar Leasa Móir agus muintir Longáin,’ in Pádraig Ó Macháin and Sorcha Nic Lochlainn (eds), *Leabhar na Longánach: The Ó Longáin Family and their Manuscripts* (Cork, 2018), 175–216, ar lch 213.

nóta áirithe sin chomh sean leis an gcuid eile acu.¹⁹ Is deacair a dheimhniú chomh maith an ionann peannaireacht aon cheann desna nótaí seo agus peannaireacht phríomhscríobhaithe L, toisc script na nótaí a bheith níos lú, an dúch a bheith caite, leath don nóta ar fol. 49r a bheith athscríte, agus an t-imeall uachtarach ar fol. 42 agus 49 a bheith gearrtha ag ceangaltóir leabhair éigin. Ach is dócha nárbh é Aonghas a scrígh iad, mar ná fuil príomhthréithe a chuid peannaireachta le sonrú iontu: 1) minimí righine, cúinneacha, cearnacha, gan aon lúbadh iontu; 2) stríoca deas an litir *a* a theacht anuas gan aon lúbadh maol, agus a chrích ar aonleibhéal nách mór leis an mbunstríoca a cheanglaíonn dhá thaobh na litreach; 3) an chéad stríoca ingearach sa litir *g* a bheith righin agus a chrích ar aonleibhéal le bonn an ghnáthmhinim, agus an lúb féna bhun a bheith iata. D’fhéadfadh gurb é Scríobhaí A a bhreac iad agus roinnt gnéithe dá chuid peannaireachta fhéin le tabhairt fé ndeara sna nótaí ar fol. 53r agus 59r, agus sa chuid den nóta ar fol. 49v ná fuil athscríte: 1) stríoca deas an litir *a* a theacht anuas le lúbadh maol go minic, agus a chrích fé bhun an stríoca a cheanglaíonn dhá thaobh na litreach; 2) aon stríoca amháin a theacht anuas go lúbach sa litir *g*, ach gan a bheith iata mar a bhíonn ag Aonghas; 3) formhór an dúigh a bheith donnbhuí. Ach cé ná féidir a bheith deimhnitheach de gurb é Scríobhaí A a bhreac na nótaí seo, mar ní móide gur leor fianaise na peannaireachta so amháin mar chruthúnas air, léiríonn foclaíocht na nótaí gurbh iad an lánú a d’iarr na beathaí naomh so a scríobh (*do chuir dá scríobhadh*) agus gur dóibh a scríobhadh iad (*dár scríobhadh*), agus is iontuiscéana as san, toisc Scríobhaí A a bheith ina phríomhscríobhaí ar na beathaí, gur don lánúin chéanna so a bhí sé fhéin ag obair chomh maith.



Aonghas ‘a’



Scríobhaí A ‘a’




Nóta ar 59r ‘a’



Aonghas ‘g’



Scríobhaí A ‘g’



Nóta ar 59r ‘g’

¹⁹Go bhfios dom níor fhág an Longánach amach, insna cóipeanna a dhein sé de L, ach an méid a mheas sé a bheith scríte ag Ó Floinn air nuair a bhí an lámhscríbhinn aige sa mbliain 1816. Féach Ó Macháin, ‘Ealaín na lámhscríbhinní’, 214 n. 97.

Tugtar a thuilleadh eolais fén lánúin seo in iargcomharc de dhán a chum Mathghamhain Ó Dálaigh d’Fhínghean, agus a cuireadh ar fol. 158 den lámhscríbhinn, ina bhfaightear dhá rann tiomnaithe do bhean chéile an phátrúin, .i. Caitilín iníon Thomáis Mhic Gearailt, Iarla Deasmhumhan.²⁰ Tráchtann an dán so, *Ní théd an éigin a n-aisgidh*, ar dhleacht Fínghein tiarnas Chairbre a bheith gafa thar n-ais aige óna chol ceathrair, Cormac mac Donnchaidh, a chuaigh thar sinsearachta a uncail, Diarmaid an Dúnaidh Mac Carthaigh Riabhach, athair Fhínghein, nuair a ghaibh sé an tiarnas uaidh sa mbliain 1468.²¹

Léiríonn an rann deireanach san iargcomharc so baint nó báidh a bheith ag an bhfile le Naomh Proinsias, rud a bhí sé ag cur in úil, b’fhéidir, toisc ceangal a bheith aige leis an ord.²² Níl aon fhianaise ann, go bhfios dom, a chruthaíonn aon nasc a bheith ann idir mhuintir Dhálaigh agus an mhainistir Phroinsiasach i dTigh Mo Laige, ach ar ndóigh, b’í sin an láthair eaglasta is mó a luaití leis na Carthaigh Riabhacha, a bhí ina bpátrúin ar na filí sin. Bhí an mhainistir suite i gcroílár thailte Mhic Carthaigh Riabhach, agus is inti sin a cuireadh Fínghean (†1505),²³ a dheartháir Domhnall (†1467),²⁴ a mhac (†1531) agus mac a mhic (†1576). Díol spéise is ea é leis gur cuireadh túr, seomraí codlata, ospidéal agus leabharlann leis an mainistir le linn don bProinsiasach Éamonn Cúrsach a bheith ina easpag ar dheoise Rois idir 1494 agus 1517,²⁵ rud a léiríonn infheistíocht shuntasach a bheith déanta ar an láthair le linn na mblianta déanacha de thiarnas Fhínghein i gCairbre.

²⁰Brian Ó Cuív, ‘A poem for Fínghein Mac Carthaigh Riabhach’ *Celtica* 15 (1983), 96–110, ar lch 108: ‘Caitilín inghean an Iarla / uirim gach émháná *uair sí* / línáidh sin gach teach a dtíalann / neach dá thigh ní iarann hí.’ (‘Caitilín, the Earl’s daughter, *she got* the respect of every woman; that fills every house into which she journeys; no one asks her to go from his house.’) Is le Ó Cuív an t-eagrán agus an t-aistriúchán so, ach leasúchán de dhá fhocal, *uair sí*, déanta agamsa ar an gcéad leathrann. Ní féidir iad so a léamh in L a thuilleadh, ach chóipeáil an Longánach iad ina chóip de L in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Leabharlann Hardiman LSB 180, fol. 158v.

²¹Tá mionphlé ar an gcoimhlint so in Ó Cuív, ‘A fragment of Irish annals’, *Celtica* 14 (1981), 83–104 agus in Ó Cuív, ‘A poem’, 96–110.

²²Ó Cuív, ‘A Poem’, 108: ‘Nó gur saerudh le San Froinsés / fine Adhuimh ar fheirg nDé / ní iar sinn áth ar a fholtaibh / do ghnáth is linn obthair é.’ (‘Until Adam’s race was freed from God’s wrath by St. Francis we have not asked any advantage because of his grievances; in general he is rejected by us.’)

²³*AFM* s.a. 1576.1; B. Jennings, ‘*Brevis Synopsis Provinciae Hiberniae FF. Minorum*’, *Analecta Hibernica* 6 (1934), 139–91, ar lch 148 (= lch 12 sa LS): ‘Primus hujus Conventus fundator censetur D. Willelmus Jacobi Barry, ab aliis autem et verius asseritur D. mac Carthy Riabach, Princeps Caribrisientium, cujus familiae sepulchrum in choro cernitur.’ Níor fhéadas an tuama so a aimsiú ar láthair na mainistreach inniubh, ach tá roinnt tuamaí gan ainm le feiscint fós insna fraitheacha thuaidh agus theas don gcórlainn.

²⁴Ó Cuív, ‘A fragment’, 92, s.a. 1467.11.

²⁵James Ware, *De praesulibus Hiberniae commentarius a prima gentis Hibernicae ad fidem Christianam conversione ad nostra usque tempora per Jacobum Waraeum* (Dublin, 1665), 223: ‘coenobii illius campanile, dormitorium, nosocomium, & bibliothecam is de novo construi curavit’; W. Holland, *History of West Cork and the Diocese of Ross* (Skibbereen, 1950), 363–9.

Thuairimigh Carey go raibh baint ag an MPG leis na Proinsiasaigh i dTigh Mo Laige chomh maith, agus anailís déanta aige ar dhíonbhrollach an téacs,²⁶ ina ndéantar manach Proinsiasach den Doiminiceach Francesco Pipino:

Compellor ego, frater Franciscus Pipinus de Bononia, **ordinis fratrum predicatorum**, a plerisque patribus et dominis meis veridica et fideli translacione de vulgari ad latinum reducere.²⁷(P)

Baí bráthair rígh **an aibit san Fronsés** isin cathraigh in tan-sin. Ba eolach dano isna hIlbhér-laibh, Fransiscus a ainm (...) ros tinnta Pronsiscus in leabhar so Mharcuis a Tartairidh a Laitin.²⁸ (MPG)

D’fhéadfadh an t-athrú so a thabhairt le tuiscint go raibh baint aigesna Proinsiasaigh leis an aistriúchán, agus más amhlaidh gurb í Mainistir Thighe Mo Laige áit tiomsaithe L, go mb’fhéidir gurb í sin log scríte an MPG chomh maith. Is é is mó a thacaíonn leis an dtuairim seo gur athscríobhadh ceann de mhórchathanna an *Eachtra* chun cogáí na lánúin, *do chuir dá scríobhadh* agus *dár scríobhadh* an leabhar, a chur i gcuimhne do léitheoirí an téacs. Mar a léiríonn an dá mhír seo thuas, ní i gconáí a bhí aistritheoir an MPG go hiomlán díreach don mbuntéacs, ach athscríbhneoir ab ea hé, gur beag aige sonraí an téacs a athrú ar mhaithe lena leagan fhéin a dhéanamh don *Eachtra*. In aistriúchán an díonbhrollaigh seo amháin, taibhsítear dúinn gur athraíodh *Fransiscus* ina *bhráthair rígh* a bhí *eolach isna hIlbhér-laibh*, go raibh teanga na dTartaireach aige, agus gur aisti sin a thiontaigh sé leabhar Mharcuis go Laidin. Is tuairiscí nua-chumta iad so go léir, nár scrígh Pipino, agus a chuireann le héagsúlacht an aistriúcháin.

ATHSCRÍOBH

Is féidir iarracht aithscríte seo an údair a roinnt ina dhá leath sa MPG.

Ar an chéad rud, cé ná fuil teanga an MPG leath chomh ársa le leithéidí *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill*, go mb’fhéidir gurb í buaic stíl na bréagársafóichta i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche,²⁹ d’úsáid an t-údar teanga

²⁶Tá achoimre den léacht a thug Carey ar an MPG foilsithe in John Carey, ‘The Travels of Marco Polo’, in J. Carey, M. Herbert and J. Knowles (eds), *Travelled Tales — Leabhar Scéalach Siúlach: Leabhar Leasa Móir i gColáiste na hOllscoile Corcaigh* (Cork, 2011), 22–5.

²⁷Is í an Dr Samuela Simion a dhein an tras-scríbhinn seo ó Firenze, Biblioteca Riccardiana 983, fol. 1r., mar chuid d’eagrán digiteach de leagan Giovanni Battista Ramusio den *Eachtra* atá ar fáil ar líne ar <http://virgo.unive.it/ecf-workflow/books/Ramusio/main/index.html> (fuairtheas é 11 Meán Fómhair 2019). Tá a tras-scríbhinn iomlán ón lámhscríbhinn réamhráite le léamh ar http://virgo.unive.it/ecf-workflow/books/Ramusio/testi_completi/P_marcato-main.html (fuairtheas é 11 Meán Fómhair 2019). Easpa mhór i réimse staidéar an *Eachtra* is ea eagrán nua-aimseartha de P.

²⁸L, fol. 121ra.1–4 agus 20–2. Is liomsa na tras-scríbhinní go léir ón MPG san alt so. Féach chomh maith W. Stokes, ‘The Gaelic abridgment of the Book of Ser Marco Polo’, *ZCP* 1 (1896–7), 244–73, 362–438, ar lgh 246–7.

²⁹Féach D. McManus, ‘The language of the *Beatha*’, in Pádraig Ó Riain, *Beatha Aodha Ruaidh: The Life of Red Hugh O’Donnell Historical and Literary Contexts*, ITS Subsidiary Series 12 (Dublin, 2002), 54–73, ar lgh 54–6.

ársa, ó thaobh gramadaí, comhréire agus stór focal de, chun a shaothar a mhúnlú do léitheoirí a bhí cleachtach ar sheantéacsanna Gaeilge a léamh is a thuiscint.³⁰ Lasmuigh d’fhoirmeacha a bhí ceadaithe agus coitianta i ngraiméar na bhfilí, leithéidí na bhforaimneacha iontáite, *ro* in áit *do*, agus foirceann iolra na faí céasta (*-id*) san aimsir chaite, caithfidh go raibh lucht léite an MPG oile ar fhoirmeacha stairiúla níos sine ná raibh in úsáid sa teanga chlasaiceach, leithéidí foirceann iolra na faí céasta (*-(t(h)a/-t(h)ai*) san aimsir chaite, *in ail fo ro hadhnachta a sin*;³¹ an fhoirm choibhneasta 3 iol. *bíte* den aimsir ghnáthláithreach den mbriathar *atá*, *cu nach dernad doineann na derdun díth do na don fhiallach bíte fora lar*,³² agus foirceann chomhchéim na haidiachta, *meidithir fria hasal cech ae dibh*.³³ Tá seanfhoirmeacha dá leithéidí seo le sonrú ar fuaid an téacs, ach toisc iad a bheith ag titim i léig fiú i dtéacsanna Gaeilge a scríobhadh céad blian sara rugadh Marco Polo, is féidir a bheith deimhnitheach de gur foirmeacha iad a roghnaíodh ar bhonn stíle, ná léiríonn aon *substratum* teangan níos sine a bheith ag an dtéacs, agus caithfear glacadh leo mar mhaisiúchán liteartha agus mar iarracht de chuid an údair blaiseadh ársa a thabhairt dá shaothar.³⁴

Ar an dara dul síos, bhain an t-údar lear mór caibidlí amach óna aistriúchán, agus d’achomirigh formhór na gcaibidlí a d’aistrigh sé. Fágann san gur giorra go mór an MPG ná P má thomhaistear líon na bhfocal sa dá théacs, agus ná fuil san aistriúchán ach trian, nó 35%, den mbunleagan.³⁵ Ar an dtaobh eile den scéal, mhéadaigh an t-aistritheoir na codanna don dtéacs ina gcuir sé suim agus d’aithscrígh iad le stíleanna dúchasacha próis, á múnú dá léitheoirí

³⁰Tá cuntas ar chóras briathartha an téacs so ag S. Ó Catháin, ‘Some studies in the development from Middle to Modern Irish, based on the Annals of Ulster’, *ZCP* 19 (1933), 1–47. Tá mionphlé agamsa ar chúrsaí ortagrafaíochta agus teangan an MPG in A. Palandri, ‘A study of the Irish adaptation of Marco Polo’s Travels from the Book of Lismore’, unpublished PhD thesis, University College, Cork, 2018, 31–130.

³¹Stokes, ‘Gaelic abridgment’, 254; cf. D. McManus, ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’, in *SnaG*, 335–445, ar lch 410.

³²Stokes, ‘Gaelic abridgment’, 270; *GOI* §784; 296–7; L. Breatnach, ‘An Mheán-Ghaeilge’, in *SnaG*, 221–333, ar lgh 296–7.

³³Stokes, ‘Gaelic abridgment’, 250; cf. McManus, ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’, 387.

³⁴Maireann lear mór téacsanna ó thréimse na Nua-Ghaeilge Moiche go bhfaightear an stíl bhréagársa so iontu, féach mar shampla: S. Falconer, *Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha* (Dublin 1953), xxxii agus xliii; G. Quin, *Stair Ercuile agus a Bhás*, ITS 38 (Dublin, 1939), xxiv–xxiv; U. Mac Gearailt, ‘Middle Irish archaisms in Early Modern Irish prose’, *Studia Hibernica* 38 (2012), 57–116; McManus, ‘The language of the *Beatha*’, 54–6. Féach chomh maith an plé atá ag McManus ar stíleanna próis na Nua-Ghaeilge Moiche (McManus, ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’, 335–6).

³⁵Cé’s gur teangacha difriúla atá ann, cabhrann an comhaireamh so le hobair achoimrithe seo an údair a thuiscint. Baineadh na chúig chaibideal dheiridh de P ó chomhaireamh na bhfocal, chun go mbeadh an t-áireamh so cruinn, mar is amhlaidh ná maireann an chuid seo den MPG a thuilleadh, má aistríodh riamh é, toisc duilleoga a bheith ar iarraidh ón lámhscríbhinn. Ar an gcuma chéanna, ní áiríodh díonbhrollach P ná an cuntas ar aistear na ndeartháireacha Matteo agus Nicolò Polo, go dtráchtann na deich gcaibideal tosaigh den gcéad leabhar de P orthu, i gcomhaireamh na bhfocal, toisc an chuid seo den MPG a bheith ar iarraidh ón lámhscríbhinn chomh maith. Is é, mar sin, líon na bhfocal de P a comhairíodh 39,293, i. ó thús I.11 *Descriptio Orientalium Regionum et Primo De Minori Armenia* go deireadh III.44 *De Quodam Episcopo Christiano Quem Soldanus Aden Circumcidi Fecit*. Is é líon na bhfocal don gcuid fá seach den MPG 13,812, i. ó chaibidlí ¶3 go ¶191 (eagrán Stokes).

agus ag leagan béime orthu sa téacs. Is é an áit is mó go bhfuil sé seo le sonrú ann, an cuntas ar an éirí amach a thug Naim agus Cadau ar Mhagnus Cam, i dtosach an tarna leabhar den dtéacs, cogadh a tharla sa mbliain 1286.³⁶ Faightear éachtaint gur shnoigh an t-údar teachtaireacht rúnda san athscríobh so agus mionathrú déanta aige ar an ngaol idir Chadau agus Maghnus. De réir P, nia (*nepos*) do Chúbla Cán ab ea Cadau ach deineadh col ceathracha díobh sa MPG, díreach mar a bhí idir Fhínghean agus Cormac mac Donnchaidh.

Adre Maghnus as in tsuidhi rígha i mbuí co ndechsath for leth.
'Naim,' ol na teachta 'i. **bráthair h'athar-sa**, ar ndiúltadh umhla
ríghi duit-si. Do-róine 7 Cadau .i. **mac a bhráthar**, aenta at
aghaidh-si.³⁷ (MPG)

Patruus eius quidam nomine Naiam etatis annorum .XXX., qui
multis regionibus et populis preerat, cogitavit, iuvenili vanitate
commotus, contra dominum suum Cublay insurgere subito cum
esercito maximo; ad hoc autem requisivit regem nomine Caydu,
qui nepos erat Cublay regis, sed ipsum exosum habebat.³⁸ (P)


Dar ndóigh, dá mbainfí .i. *mac a bhráthar* amach as bhéal na dteachtairí, agus dá gcuirfí i mbéal an oirisigh é, d'fhéadfaí an abairt a léamh ar shlí eile, .i. gur do Mhagnus, agus ní do Naim, a thagrann an aidiacht shealbhach *a*. Ar an gcuma so, choimeádfaí an gaol idir Mhagnus agus Cadau mar atá sa Laidin, .i. gur nia le Maghnus Cam é Cadau: *Caydu, qui nepos erat Cublay regis*. Ach, mura mbeadh an Laidin againn, ní dóigh liom go gcuimhneofaí ar an léamh malartach so, mar is fusa agus is nádúrtha go mór a thuiscint gur do Naim a thagrann an aidiacht shealbhach *a* i *mac a bhráthar* san aistriúchán Gaeilge, toisc: 1) Naim a bheith ina ainmní ag an mbriathar *do-róine*, an briathar a thagann díreach roimis an abairt go bhfuil an aidiacht shealbhach inti; 2) 'i.' a bheith úsáidte i gcaint dhíreach na dteachtairí cheana, san abairt roimis, rud a chruthaíonn pátrún ina gcuid cainte; 3) an tarna .i. a bheith curtha i gceartlár friotal na dteachtairí. Fágann san, dar liom, gur fusa go mór a thuiscint gur mac dearthár le Naim é Cadau sa MPG, agus ní le Maghnus, mar atá i P. Agus más uncail le Maghnus é Naim, mar a dhearbhaíonn na teachtairí ina gcuid cainte, '*bráthair h'atharsa*', is iontuisciana as san gur deineadh col ceathracha do Mhagnus agus Cadau san aistriúchán.

³⁶P.II.3.2. Is é an tsíl a dhéantar tagairt do théacs Pipino anso agus as so síos: P = Pipino; II = an tarna leabhar; 3 = caibideal a trí; 2 = fo-chaibideal a dó.

³⁷L, fol. 124r.17–21; cf. Stokes, 'Gaelic abridgement', 362–3.

³⁸P.II.2.1.

200 AN MARCO POLO GAEILGE AGUS FÍNGHEAN MAC CARTHAIGH RIABHACH



Ach, is iad na trí phointe is mó a léiríonn gur leag an t-aistritheoir béim fé leith ar an gcath so ina aistriúchán: (1) méadú ar an gcath i gcoibhneas leis an dtéacs ar fad; (2) athordú ar struchtúr inste an chatha ó leagan Pipino; (3) stíl uamach bhladhmánach an chatha meánaoisigh a chur i bhfeidhm. Agus na pointí seo á bplé sa chuid eile den alt so, áiteofar gur bhain an t-údar leas as chuntas an reibiliúin seo chun tagairt a dhéanamh do chogaí a phátrún.

(1) Méadú

Cé gur achoimre den *Eachtra* atá sa MPG go príomha, is léir gur méadaíodh an chuid seo den téacs níos mó ná aon chuid eile den *Eachtra* san aistriúchán. Má thomhaistear céatadán na bhfocal a úsáidtear sa mhír a thráchtann ar reibiliún Naim agus Cadau san aistriúchán Gaeilge agus i leagan Pipino, faightear go gclúdaíonn an cath 8% den téacs sa MPG agus 3% den téacs i P.³⁹

(2) Struchtúr inste an chatha

Agus é ag méadú agus ag athscríobh cuntas an chatha so ina aistriúchán, dhein an t-údar ord inste imeachtaí an chogaidh a athshocrú chomh maith. Léiríonn an chomparáid seo a leanas idir an MPG agus P go raibh an t-údar ag tar-rac sonraí ó chaibidlí i bhfad amach ó chéile sa téacs agus á bhfí isteach i bprós leanúnach. Tá mír ó thosach an chatha in MPG tugtha anso thíos taobh le leagan den mbuntéacs Laidine atá athordaithe de réir struchtúr agus

³⁹ 1053 focail sa MPG, ¶54–66 (7.62%) = tuairim is 8% den MPG; 1295 focail i P II.1–7 (3.3%) = tuairim is 3% de P. Tagrann “¶” dosna haltanna a leag Stokes amach ina eagrán.

ord inste na n-imeachtaí a thug an t-aistritheoir Gaeilge ar an dtéacs. Roinneadh na míreanna so ina bhfo-altanna agus tugadh uimhreacha dóibh chun an comhfhreagras idir an dá théacs a léiriú.

[1] Feachtus do Mhagnus Cam a gcathair Cambalau co n-fhacad teachta dia shaighit. Beannuighit dó. Fochtus Magnus scéla dibh. ‘Fuigli rúin againn duit,’ ar na teachta. Adre Magnus as in tsuidhi rigda i mbuí co ndeachsat for leith. [2] ‘Naim,’ ol na teachta ‘.i. bráthair h’athar-sa, ar ndiúltadh umhla righi duit-si. Do-róine 7 Cadau .i. mac a bhráthar, aenta at aghaidh-si. [3] Atát 7 na cethri rígh fil fo mamus Naim lín a slúaigh ac toigheacht at rigi-si .i. Fuci Orcra 7 Cauli 7 Barsceel 7 Suchitingni 7 as-beirit conad fearr a ndlighedh forsín righi annáisi.’

[4–5] Ba tús rigi do Chublay in tan sin,⁴⁰ [6] iar mbriseadh cath n-imdha lais for iltíribh. [7] Ba gaeth in tí frisar canad sin. [8] Gnúis rígha lais co ndearcuibh díshoillsidhe. [9] Méd 7 cal-macht mhíled lais. [10] Do oirdis a bhaill di araili. [11] Ro ráidh dono nach cuirfeadh a choróin rígh dia chind nó gu n-aitheadh forro in fuigiull-sin. [12] Faidhis teachta for ceann a laech 7 a rígh n-imfhoicsi ar ba dearb lais dia cuireadh togairm for a shlóghu i gcianuibh a fhis d’fhaghbháil do Naim 7 triall teitheadh do fo fhoithribh 7 daingnibh. [13] Faidhis coiméd ar na conairibh ar omhun scél d’fhaghbháil do Naim. [14] Ba hé lín in tslúaigh do fhreagair hé .i. dá chath dhég 7 .xxx. míle marcach in cech cath dibh 7 di troigtech um cech marcach. [15] Dia toghairmeadh a shlóghu i gcianaibh ní ria rimh forro. [16] Ro hindleadh ceithri helifainti don rígh 7 caislén claruigh forro. [17] Téit ann dono i remhthús in chatha 7 a meirgi huasa. [18] Di lá for fhichit do oc tinól in mórsluaigh-sin.⁴¹

(MPG)

[2] Patruus eius quidam nomine Naiam etatis annorum .XXX., qui multis regionibus et populis preerat, cogitavit, iuvenili vanitate commotus, contra dominum suum Cublay insurgere subito cum exercito maximo; ad hoc autem requisivit regem nomine Caydu, qui nepos erat Cublay regis sed ipsum exosum habebat. [3] Quatuor igitur provincias tunc obtinuit rex, quarum ista sunt nomina: Fuciorcia, Cauli, Bascol et Sichintin.

[4] Cepit autem regnare anno domini nostri Iesu Christi .MCCLVI.: [5] causa autem hec est propter quam semel ex quo

⁴⁰Síolraíonn an mhí-thuiscint seo gur phléasc an cath so i dtosach ríocht Chúbla Cán ó dhearúd peannaireachta a faightear i gcóipeanna de P de chuid an ghrúpa δ, gur scríobhadh a bhformhór acu i Sasana. Is é MCCLXXXVI an dáta a faightear i bhformhór na gcóipeanna de P, ach is é MCCLX an uimhir a faightear in Gießen, Universitätsbibliothek LS 218, fol. 82.28, lámhscríbhinn de chuid grúpa δ. Foilseofar a thuilleadh fianaise gur leagan de chuid an ghrúpa so ab ea an eisimleáir a úsáideadh chun an MPG a aistriú i Palandri, ‘The Irish adaptation’.

⁴¹Mo thras-scríbhinn fhéin é seo ó L 124ra.15–rb.1. Tá an mhír chéanna ar fáil idir pharagraif ¶54–6 d’eagrán Stokes.

regnavit egressus est ad pugnam: anno Domini .MCCLX.⁴² [6] nam ante quam regni coronam acciperet, sepe egrediebatur ad bella et in omnibus probiter se gerebat. [7] Concilio pollens et in exercitus ac populi gubernacione providus ac discretus. [8] Faciem habet rubicundam et candidam, oculos nigros. [9] Est autem in armis strenuus, virtute robustus, [10] atque per singula corporis sui membra proporcionis est optime. [11] Iuravit se numquam coronam regiam delaturum nisi de illorum prodicione et audacia se vindicaret. [12] [...] Congregavit [...] millitum et peditum [...] de hiis qui erant vicini civitati Cambalu; causa autem hec fuit quare non convocavit maiorem exercitum: quia subito voluit in hostes ex insperato irruere, ne si diutius fuisset in congregacione amplioris exercitus immoratus ad Nayam noticiam pervenisset et ex hoc aut retrocessisset omnino aut ad tutiora loca suum exercitum transtulisset. [13] Interim autem mandavit rex vias tanta diligencia custodiri ut Naiam preparacionem et adventum ipsius omnino presentire non posset. [14] Cublay rex ascendit in collem cunctosque sui exercitus milites distinxit in .XII. acies, ita ut quelibet acies triginta millia militum contineret. Pedites vero iuxta milites tali ordine collocavit ut in quibusdam aciebus duo pedites tenentes lanceas hinc inde ad unius militis latera ponerentur donec peditum numerus compleretur. [15] nam tantam posset militiam et peditum multitudinem in paucis mensibus congregare quod, pre stupore gentis innumere, quasi incredibile videretur. [16] Rex autem in mirabili castro ligneo erat, quod ab elephantibus quatuor portabatur, ubi erat suum regale vexillum. [17] Cum vidisset autem exercitus Naiam insignia et exercitum Cublay vehementer expavit. [18] in viginti autem duobus diebus congregavit. (P)

Is leor uimhreacha na gcaibideal agus na bhfochaibideal i P go bhfreagraíonn na fo-altanna sna míreanna so thuas dóibh a thabhairt chun gnáthstruchtúr P a chur in úil, agus obair athordaithe seo an aistritheora a thuiscint: [1] = ní hann do; [2] = P.II.2.1; [3] = P.II.5.2; [4] = P.II.1.2; [5] = P.II.2.1; [6] = P.II.1.3; [7] = P.II.2.3; [8] = P.II.8.1; [9] = P.II.2.3; [10] = P.II.8.1; [11] = P.II.3.1; [12] = P.II.3.2; [13] = P.II.3.3; [14] = P.II.4.2; [15] = P.II.3.2; [16] = P.II.4.3; [17] = P.II.4.4; [18] = P.II.3.2.⁴³ Léiríonn ord na gcaibidlí seo, agus iad tugtha anso de réir mar a eagraíodh sa MPG iad, gur tairrigíodh agus gur meascadh sonraí ó chaibidlí a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig is a hocht den tarna leabhar de P chun an chuid seo den aistriúchán a scríobh.

⁴²MCCLXXXVI i lámhscríbhinní nár cóipeáladh i Sasana, féach fonóta 40 thuas.

⁴³Tá uimhreacha na gcaibidlí seo tugtha de réir tras-scríobh Simion: http://virgo.unive.it/ecf-workflow/books/Ramusio/testi_completi/P_marcato-main.html (fuairtheas é 10 Meitheamh 2019).

Ceann desna athruithe is suimiúla sa scríobh so is ea an drámú a deineadh ar fhógairt scéala an reibiliúin do Mhaghnuis. Sa MPG, tagann teachtairí go dtí cúirt Maghnuis agus *fuighle rúin* acu dho á chur in úil do go bhfuil a uncail Naim is a chol ceathrair Cadau éirithe amach ina choinne agus go bhfuilid ag tabhairt aghaidhe air lena slua (fo-altanna [1–3]). Caint dhíreach na dteachtairí a thugann an foláireamh so sa leagan Gaeilge, rud a chruthaíonn dráma agus a chuireann beocht le hinsint an scéil. Ní mar sin atá sa leagan Laidine, áfaigh, gurb é an t-oiriseach a thugann le fios go bhfuil scéala an reibiliúin fachtá ag *Cublay* ann: *interea Cublay rex cuncta didicit que per illos fuerant ordinata*.⁴⁴ Iarracht é seo, is dócha, ar fheabhas a chur ar struchtúr inste na n-imeachtaí seo sa MPG, chun an léitheoir a chur ar tinneall roimis an gcath atá le teacht. Mar chuid den iarracht chéanna, thairrig an t-aistritheoir ainmneacha na dtaoiseach in arm Naim, a ainmnítear sa leagan Laidine tar éis don gcath a bheith críochnaithe, siar go dtí réamhrá an chatha sa leagan Gaeilge (fo-alt [3]). Fairis sin, bhain an t-údar an cur síos ar dhealramh Maghnuis (fo-alt [8]) amach as chaibidil a hocht den tarna leabhar de P, caibideal ná fuil aon bhaint in aon chor aici leis an gcath sa leagan Laidine, agus chuir sé isteach é roimis an gcath sa MPG.

Léiríonn na pointí seo thuas, ní hamháin go raibh an t-aistritheoir ag aithinsint an chatha so, ach go raibh sé á dhéanamh san d’fhonn beocht agus anamúlacht a chur ann, chun go seasódh sé amach ina théacs. D’fhéadfaí comparáid a dhéanamh chomh maith, idir an drámú a deineadh ar fhógairt scéala an reibiliúin do Mhaghnuis (fo-altanna [1–3]) agus an *watchman device* gur scríobh Carney air, agus a d’úsáidtí coitianta i scéalta próis na Sean- agus na Meán-Ghaeilge.⁴⁵ Cé ná aon *watchman device* le ceart é seo, mar gurb iad na teachtairí amháin a labhrann agus ní thosnaíonn Maghnus aon chomhrá leo ag fiafraí dhíobh fésna daoine atá ag déanamh orthu, d’fhéadfadh go raibh a mhúnla san sa cheann ag an aistritheoir agus an t-eolas so á bhaint as bhéal an oirsigh aige. B’fhéidir chomh maith gur fágadh Maghnus ina thost le linn na heachtra so go léir chun go mba mhóide meas an léitheora air, amhail is dá mbeadh sé ag machtnamh go húdaráisach ar an gcúram, gan focal a rá. Thiocfadh so leis an gcur síos uasal a dheineann an t-údar air i bhfo-altanna [7–11], a thugann an tuairim dúinn gurb é an t-iompar ríoga so fé ndéar a chiúnas.

(3) *Stíl*

Aithnítear go gcuireadh béim fé leith ar an reibiliún so san aistriúchán trísna hathruithe a thagann ar stíl an phróis le linn an chatha chomh maith. Scríobhadh formhór an MPG le stíl ghonta, atá spárálach ar aidiachtaí agus pras lena tuairiscí, stíl a oireann go maith do leagan amach an *Eachtra*, .i. liosta fada de

⁴⁴P.II.3.1: ‘Idir an dá linn, d’fhoghlaimigh Cublay cad a bhí ordaithe acu (Naim agus Cadau).’

⁴⁵J. Carney, *Studies in Irish Literature and History* (Dublin, 1979), 305–21. Táim fé chomaoín ag an bpiarmheasúnóir a léigh an t-alt so as an pointe seo a dhéanamh.

réigiúin an Oirthir, cur síos ar a dtíreolas, ar a gcathracha agus ar nósanna a n-áititheoirí.⁴⁶ Ó thaobh na comhréire dho, úsáideann an stíl seo clásail ghearra, gan puinn fochlásal, agus fágtar briathar an phríomhchlásail ar lár go minic. Tabharfar príomhthréithe na stíle seo fé ndeara sa mhír seo a leanas:

Atá sruth for fod prouinnse Manguay, Quian a ainm. Uidi .c. lá
fora fot .x.m. fora lethed. Dá .c. cathair fora dhíbh taebuibh. Is lia
do loingius dó innat srotha in betha.

Fil cathair n-aile isin crích-sin, Sintuy a hainm. .lx. .m. ina tim-
ceall, .uii. .m. droicheat fora feadh, fo a ngabhunn bárc cu seol
fuirri. Dar leó-sum ní fhuil ar bith cathair is lia laech innas.

Cathair Singuy didiu, inann son 7 cathair na talman.⁴⁷ (MPG)

Tá cosúlachtaí ag an stíl ghonta so leis an saghas próis a faightear insna
línte tosaigh de roinnt mhaith scéalta Sean- agus Meán-Ghaeilge, a thugann
prímhfhíricí an scéil leis an rithim agus an sórt clásail ghearr chéanna.⁴⁸

Boí rí amrae for Laignib, Mac Dathó a ainm. Boí cú occo.
Im-díched in cú Laigniu huili. Ailbe ainm in chon, ocus ba lán
Hériu dia airdicus in chon.⁴⁹ (*Scéla Mucce Meic Dathó*)

Rí amra ro boí for Laignib .i. Rónán mac Aeda, 7 Ethni ingen
Chummascaig maic Eogain do Dēsib Muman na fharrad. Co ruc
mac dō .i. Mael Fothartaig mac Rónáin, mac is amru tānic Laigniu
riam.⁵⁰ (*Fingal Rónáin*)

Mar a luadh cheana, faightear i bhfad níos mó tuairiscí agus sonraí i dtaobh
na réigiún so go léir i P, agus ábhar an *Eachtra* achoimirthe go leor sa MPG.
Ach cheangail Pipino formhór na dtuairiscí a thug sé le fochlásail agus le clá-
sail chomhordaitheacha, agus scrígh sé orthu le rithim próis níos leanúnaí.⁵¹
Fágann san nách é P foinse na stíle gonta so san aistriúchán, ach gurb iad
na stíleanna próis a bhí bunaithe agus seanabhunaithe i litríocht na Gaeilge a
mhúnlaigh stíl liteartha an MPG.

Nuair a insítear mionscéal nó fo-eachtra a bhaineas le réigiún áirithe nó
pearsa sa téacs, éiríonn an stíl seo níos líofa, faightear comhrá díreach idir na
carachtair go minic, fiú mura mbíonn san ann i P, agus ligtear d’fhochlásail
agus do chlásail chomhordaitheacha eascairt as na príomhchlásail.⁵² Sam-
pla den stíl mheascaithe seo is ea an mhír a tugadh thuas chun na hathruithe

⁴⁶Tá cuntas maith ar an stíl seo i dtéacsanna Sean- agus Meán-Ghaeilge in U. Mac Gearailt,
‘Litríocht phrós na Gaeilge Moiche,’ in Ruairí Ó hUiginn (ed.), *Léann na Gaeilge: Súil Siar, Súil
chun Cinn*, Léachtaí Cholm Cille 26 (1996), 7–39.

⁴⁷L, fol. 128vb.7–16. Stokes, ‘Gaelic abridgement’, 400–1.

⁴⁸Ar an ábhar so féach P. Mac Cana, ‘On Celtic word-order and the Welsh “abnormal” sentence,’
Ériu 24 (1973), 90–120.

⁴⁹R. Thurneysen (ed.) *Scéla Mucce Meic Dathó* (Dublin, 1935), 1.

⁵⁰D. Greene (ed.), *Fingal Rónáin and Other Stories*, (Dublin, 1955), 1.

⁵¹Thugas an dá chaibidil de P ar a bhfuil an mhír seo thuas ón MPG bunaithe insan Aguisín.

⁵²Tá an stíl líofa so ionchurtha leis an stíl gur thóg Mac Gearailt ceann do sa tarna leagan don
Táin (Mac Gearailt, ‘Litríocht phrós’, 23–5).

ar struchtúr inste an chatha a léiriú. Faightear go minic é má dhéantar cur síos ar mhíorúilt nó ar thógaint sáipéil áirithe, ar nósanna seilge agus féastaí na dTairtreach, nó ar fheachtaisí cogaidh agus ar chathanna eile Mhaghnuis Cham.

Ach ina chur síos ar an éirí amach a thug Naim agus Cadau ar Mhaghnuis, bheartaigh an t-údar stíl bhladhmannaigh mhórfhoclach na caithréime a chur i bhfeidhm, stíl phróis ná faightear in aon chuid eile den MPG ach anso. Dar ndóigh, tá an stíl seo le fáil go flúirseach i scéalta catha a scríobhadh ó thréimhse na Meán-Ghaeilge ar aghaidh, leithéidí *Cogad Gaedhel re Gallaibh*, *Caithréim Cheallacháin Chaisil* agus *Caithréim Thoirdealbhaigh*. Ceann de mhóthréithe na stíle seo is ea clásail fhada, le roinnt fochlásal is clásail chomhordaitheacha, agus sraith d’aidiachtaí aitreabúideacha uamacha i ndiaidh a chéile. Tugtar tuairisc ar sé chath sa MPG,⁵³ ach cé go mbrostaítear stíl an phróis sna sleachta so ón stíl ghonta a úsáidtear insna tuarascálacha geografacha agus eitneagraifeacha sa téacs, ní chuirtear stíl áirithe seo an chatha i bhfeidhm, lena liostaí fada d’aidiachtaí uamacha, ach i gcuntas an reibiliúin seo amháin. Tá sampla den stíl seo sa MPG sa mhír seo a leanas, taobh le sliocht ó *Caithréim Cheallacháin Chaisil* chun na cosúlachtaí stíle idir an dá théacs a léiriú:

Gabhait na slúaig-sin a n-asain glainidi gorma glaisiaruinn 7 a luireca daingne doibrisdi 7 a scabail cuana chumdachta fona min-naib sliptha soradhaircc. Sínit a mergeda badbdha breacamlacha risna sleaghuibh seimneca sithfhota, gur iadh gach deaglaech dibh ima rig 7 ima thaisech curo linsat na tolcha 7 na tuaitheabhraca for gech taebh do uaim, gur comdluthaigseat na catha re cheli in tan-sin, curos tocaib nel niamdha dá ndornclaidbib dathordha 7 da muincidib dualacha dergoir corba soighnen solusta a clethe nime os cinn na curad ceachtardha-sin.⁵⁴

(MPG)

Is andsin ro eirghetar Clanna Eogain gu crodha ciallmar curata ima caem-ri im Ceallachan cum an chatha. Ocus do coraighedh gu calma ag na curaduibh bro bhadhbha bith-aluinn bhuan-aicmheil bratac ocus sonn sesmach sith-remhar sleagh 7 tor tenn triath-onchonta taisceh 7 grinne gasda gadhamail gormlann 7 lonn-bhuaille ladhach línanart uman laechraid. ár ní rabhutar gorm-ait nait glan-luirecha ’gá n-gasraid. Achtmad inair cuanna coir-tharblaithi 7 cotuin 7 muincedha maisceha min-gresacha re diden corp 7 cnes 7 caeim-cenn.⁵⁵

(*Caithréim Cheallacháin Chaisil*)

⁵³¶33 (prós líofa gan a bheith mórfhoclach); ¶61–2 (stíl uamach bhladhmannaigh an chatha, á plé thíos); ¶112–15 (prós líofa); ¶125–33 (prós líofa); ¶148–51 (prós líofa); ¶156 (prós líofa).

⁵⁴L, fol. 124rb.31–124va.3. Stokes, ‘Gaelic abridgement’, 336, ¶61.

⁵⁵A. Bugge (ed.), *Caithréim Cellacháin Caisil: The Victorious Career of Cellachan of Cashel* (Christiania, 1905), 6–7.

Léiríonn an tábla so a leanas na hathruithe a thagann ar stíl an phróis sa MPG. Tugadh uimhreacha na gcaibidlí sa MPG de réir mar a faightear in eagrán Stokes iad ar an X-ais, taobh le huimhir ar an Y-ais a léiríonn cén saghas stíl próis a úsáideadh chun an chaibideal san a scríobh. Thuas i mbarra, ar líne uimhir a trí, cuireadh na caibidlí a scríobhadh sa stíl ghonta; sa lár, ar líne uimhir a dó, léirítear na caibidlí a scríobhadh sa stíl mheascaithe; idir eatarthu so, ar líne 2.5 a cuireadh na caibidlí gur scríobhadh cuid díobh sa stíl ghonta agus an chuid eile sa stíl mheascaithe; i mbun an tábla ar fad, cuireadh na caibidlí a scríobhadh i stíl shaibhir bhladhmannaigh an chatha. Seasaíonn gach diamant ar an dtábla so do gach caibideal de réir mar a scar Stokes iad ina eagrán.

Léiríonn an tábla so an bhéim a cuireadh ar an gcath áirithe seo san aistriúchán, chomh maith leis na teicnící scéalaíochta agus stíle a úsáideadh chun é sin a dhéanamh. Is é a bheidh á áiteamh sa chuid eile den alt so gur bheartaigh údar an aistriúcháin an chuid seo den *Eachtra* a mhéadú agus a mhaisiú chun tagairt a dhéanamh don gcogadh a tháinig idir Fhínghean is a chol ceathrair Cormac mac Donnchaidh sna 1460í. Ach, chun an chomparáid seo a phlé, ní mór cuntas a thabhairt ar na himeachtaí polaitiúla a tharla i gCairbre díreach roim thiarnas Fhínghean.


AN COGADH IDIR FHÍNGHEAN AGUS CORMAC MAC DONNCHADH

Mac le Diarmaid an Dúnaidh Mac Carthaigh Riabhach agus Aibhlín iníon Thaidhg Mhic Carthaigh Mhúscraighe ab ea Fínghean.⁵⁶ Phós sé Caitilín iníon Thomáis Mhic Gearailt, an t-ochtú Iarla Deasmhumhan, a dícheannadh i nDroichead Átha ar an 14ú Feabhra 1468 agus é gafa ag Iarla Worcester. Le linn na coinbhleachta a lean bás an iarla, d'éirigh le Cormac mac Donnchaidh Mac Carthaigh, mac dearthár le Diarmaid an Dúnaidh agus col ceathrair le Fínghean, tiarnas Chairbre a ghabháilt óna uncail do fhéin.⁵⁷ Sa mbliain 1468, in aoinfheacht le Gearóid Mac Gearailt, deartháir leis an Iarla Tomás a bhí a d'iarraidh teacht i gcomharbacht air tar éis a bháis, thug Cormac mac Donnchaidh aghaidh ar thailte a uncail, .i. Diarmaid an Dúnaidh, agus dhein creach ar Chairbre, ó inbhear abhainn na Bandan go Ros Ó gCairbre.⁵⁸ D'éirigh leis

⁵⁶Ó Cuív, 'A poem', 96–101.

⁵⁷Ó Cuív, 'A fragment', 86.

⁵⁸D. Ó Murchadha, 'Glaislinn and Inis na hEidnigi', *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 109 (2004), 11–18, ar lch 113.



an mbeirt seo Diarmaid an Dúnaidh agus a bheirt mhac, Fínghean agus Diarmaid,⁵⁹ a threascairt agus a chur i mbraighdeanas.⁶⁰ Ghaibh Cormac tiarnas Chairbre chuige fhéin, chuir sé garrastún dá chuid i gcaisleáin Chill Ghobáin, an Mhóintín agus Chúl Méine, agus thug urrann beag i leataoibh do bheathú Mhic Carthaigh.

Níor mhar sin, áfaigh, a d'éirigh le Gearóid Mac Gearailt i gcoinne mhac a dhearthár, Séamus, mac an Iarla Tomáis agus deartháir le Caitlín, mar go raibh tacaíocht facha ag Séamus ó Mhurchadh Ó Briain, Rí Thuamhumhan, ó Thadhg Mac Carthaigh Mór agus ó Sheán mac Uilliam De Barra. Mhair an socrú so go dtí an bhliain 1477, nuair a d'éirigh leis an mbeirt dearthár, Fínghean agus Diarmaid, a gcol ceathrair a chloí agus a ghabháil i gcomhar lena n-uncail, deartháir a máthar, Cormac Láidir Mac Carthaigh Múscraighe. Sa deireadh, mhairbh na Gearaltaigh Gearóid Mac Gearailt sa mbliain 1477 agus dalladh Cormac mac Donnchaidh an bhliain dar gcionn.

Léiríonn na himeachtaí seo go raibh taithí phearsanta ag Fínghean agus ag Caitlín ar chogaí a throid lena ngaolta fhéin, Fínghean a bheith curtha fé chois ag a chol ceathrair ar feadh nách mór deich mbliana agus deartháir Chaitlín a bheith á chosaint féin óna uncail Gearóid le linn na coibhleachta céanna. Agus an leagan úrnua so den *Eachtra* curtha isteach ina leabhar acu, cuimhnímid gur athraíodh an gaol idir Mhaghann agus Cadau ann agus gur deineadh col ceathracha díobh, mar a bhí idir Fhínghean agus Cormac, gur méadaíodh cuntas an chatha so suas go dtí 8% den téacs ar fad, ó 3% i P, gur athraíodh struchtúr inste imeachtaí an chogaidh agus gur deineadh iarracht ar iad so a fheabhsú le caint dhíreach agus le sonraí a bhogadh timpeall ar mhaithe leis an léitheoir a chur ar tinneall, agus nár úsáideadh stíl próis na caithréime ach sa chath so amháin sa téacs.

Más amhlaidh go raibh údar an MPG ag tagairt do chogadh Fhínghean agus é ag leagan béime ar reibiliún Naim agus Cadau ina aistriúchán, níorbh é an t-aon téacs amháin a bhí á dhéanamh san sa lámhscríbhinn, mar, dar ndóigh tugann an dán *Ní théd an éigin a n-aisgidh*, agus an nóta mínithe a ghabhann leis ar fol. 158, le fios go raibh an cogadh so lárnach i saol na lánúin. Ina theannta san, pé báidh nó baint a bhí ag an bhfile seo le Naomh Proinsias gur thiomnaigh sé rann do, tá sé ionchurtha leis an athrú ar ord Pipino ó Dhoiminiceach go Proinsiasach a faightear sa MPG. Más ceart gur scríobhadh an MPG sa chomhthéacs

⁵⁹Ó Cuív, ‘A fragment’, 93. NB: sna hannála a chuir Ó Cuív in eagar, is é Donnchadh an t-ainm a thugtar ar dheartháir Fhínghean, ach in Annála na gCeithre Máistrí, tugtar Diarmaid ar an bhfear céanna: *AFM* s.a. 1506.12: *Mag Carthaigh Cairbreach .i. Diarmaid mac Diarmada an Dúnaidh mic Domhnaill Riabhaigh d'écc*. Mhol Kenneth Nicholls dom gur iarsma d'annála Domhnaill Uí Fhithcheallaigh é an mhír a chuir Ó Cuív in eagar, cf. K. Nicholls, ‘The development of lordship in County Cork, 1300–1600’, in P. O’Flanagan and Cornelius Buttner (eds), *Cork History and Society* (Dublin, 1993), 157–211, ar lch 202 n. 111. Féach chomh maith P. L. Lainé, *Généalogie de la Maison de Mac-Carthy anciennement Souveraine des Deux Momonies ou de l'Irlande Méridionale* (Paris, 1839), 83–4.

⁶⁰A. Cosgrove, ‘Ireland beyond the Pale, 1399–1460’, in Art Cosgrove (ed.) *A New History of Ireland*, ii: *Medieval Ireland 1169–1354* (Oxford 1993), 569–90, ar lch 582; Holland, *History of West Cork*, 24 and 358; D. Ó Murchadha, ‘The castle of Dún Mic Óghmainn and the overlordship of Carbery’, *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 93 (1988), 73–82, ar lch 79.

stairiúil céanna inar chum Mathghamhain Ó Dálaigh a dhán agus go raibh baint aigesna Proinsiasaigh i dTigh Mo Laige leis an aistriúchán, luífeadh sé le réasún go gcuirfeadh cuntas an reibiliúin mhuinteartha idir Chúbla Cán agus a ghaolta san *Eachtra*, an cogadh a throid Fínghean agus Caitlín lena ngaolta fhéin i gcuimhne do lucht tiomsaithe a lámhscríbhinne agus gurb shin é fé ndeara a mhéadaithe agus a athscríte atá sé san aistriúchán. Más ea, d’úsáid údar an MPG stíleanna éagsúla próis chun cuntas an chatha so a shaibhriú agus chruthaigh sé comhráite meara drámata as tuairiscí leamha an oirisigh a faightear i P. Má tá an anailís seo ceart, tá impleachtaí móra aici do dháta an aistriúcháin, ná féadfadh a bheith tosnaíthe roim 1478, sara raibh Cormac mac Donnchaidh cloíte ag Fínghean.

CONCLÚID

Is féidir, dá bhrí sin, na conclúidí seo a leanas a bhaint amach as a bhfuil pléite anso thuas: uair éigin tar éis na bliana 1478, nuair a fuair Fínghean Mac Carthaigh Riabhach an ceann is fearr ar a chol ceathrair Cormac mac Donnchaidh, d’aistrigh scríbhneoir, a bhí cleachtach ar sheanfhoirmeacha na Gaeilge agus go mb’fhéidir go raibh baint aige leis na Proinsiasaigh, leagan Pipino d’*Eachtra Mharco Polo* ó Laidin go Gaeilge. Cóipeáladh an téacs so isteach i lámhscríbhinn a tiomsaíodh d’Fhínghean agus a bhean chéile Caitlín, *Leabhar Mhég Carthaigh Riabhaigh*. D’athraigh an t-údar so sonraí sa téacs agus d’úsáid stíleanna éagsúla próis chun béim a leagan ar chodanna áirithe dá aistriúchán. Thairis aon chuid eile den téacs, is i gcuntas an chogaidh idir Mhaghnuis agus a ghaolta is mó a faightear athruithe stíle agus aithscríbhneoireacht ón mbunleagan, rud a deineadh, áitíonn an t-alt so, chun tagairt a dhéanamh don gcogadh a throid an lánú *dár scríobhadh* L, Fínghean agus Caitlín, lena ngaolta féin.

AGUISÍN

59

De civitate Synguy non multum grandi et flumine maximo Quian et innumerabili multitudine navium. Capitulum LVIII.

[1] Post recessum a civitate Syansu ad miliaria .XV. per çirocum habetur [63c] civitas Synguy non multum grandis, sed naves habet multitudine maxima; est enim posita super flumen maius quod in orbe sit, quod dicitur Quian, quod in latitudine habet miliaria .X., alicubi .VIII., alicubi .VI., et habet longitudinis ultra dietas .XC. [2] In hoc flumine plures numero naves sunt quam sint citra mare in omni mari et in fluminibus cunctis, pluresque mercaciones deferuntur per id quam per omnes terras citra marinas in omnibus suis navibus deferantur: ego enim Marchus vidi in portu civitatis huius Singuy naves civitatis ipsius circiter quinque milia que per hunc flumen navigabant. [3] Singule autem naves magne regionum illarum uno sunt solario cooperte,

210 AN MARCO POLO GAELIGE AGUS FÍNGHEAN MAC CARTHAIGH RIABHACH

nec habet navis nisi malum unum pro velo, pondus vero navis ascendit ut plurimum ad numerum et pondus quatuor milium cantarorum; ali[63d]que tamen pondus .XII. milium cantarorum deferunt accipiendo cantarum iuxta modum navium venetarum: sic igitur est navium pondus inter .III. et .XII. milia cantarorum intra prefatos numeros addendo aut diminuendo iuxta magnitudinem navis. [4] Canapinis funibus non utuntur nisi pro malo navis et velo eius, sed pilorcas faciunt de arundinibus magnis, de quibus supra facta est mentio, que habent .XV. passus longitudinis; cum his pilorcis quandoque naves per flumina trahuntur, scinduntur enim arundines et scissuras ligant in simul et huiusmodi funes longos faciunt valde; nam aliquae pilorce habent longitudinem passum trecentorum et fortiores sunt funibus canapinis.

63

De nobili civitate Synguy. Capitulum LXIII.

[1] Synguy autem e<s>t nobilissima civitas cuius circuitus continet in mensura miliaria sexaginta. [2] Ibi est maxima populi multitudo: sic enim est Mangy provincia populosa quod si populus terre in armis strenuus esset totum alium mundum conquirere et devincere debuisset. [3] Sed mercatores et artifices ibi multi sunt, multique et philosophi inter eos sunt. [4] In hac civitate sunt pontes lapidei circa sex milia tante altitudinis ut sub unoquoque ipsorum galea libere transire valeat atque sub multis pontium predictorum simul due [65a] possint transire galee. [5] In montibus civitatis huius crescit reobarbarum; ibi etiam çinçimber in tanta copia crescit quod pro uno argenteo veneto haberentur .LXXX. libre çinçimbris recentis et optimi. [6] Hec civitas sub iurisdictione sua habet .XVI. civitates magnarum valde mercacionum et artium. [7] Cives Singui vestimentis sericeis ut plurimum induuntur, ideoque ibi multi panni de serico fiunt. [8] Vocatur autem civitas Singuy, id est “civitas terre”; alia vero civitas dicitur Quinsay, id est “civitas celi”; et hec optinuerunt nomina civitates ille quia in orientis partibus sunt nobilissime civitates.

LEABHARLIOSTA

- BREATNACH, L. 1994: ‘An Mheán-Ghaeilge’, in *SnaG*, 221–333.
- BUGGE, A. (ed.) 1905: *Caithréim Cellacháin Caisil: The Victorious Career of Cellachan of Cashel* (Christiania).
- BURGIO, E. and EUSEBI, M. 2008: *Per una nuova edizione del Milione* (Roma).
- CAREY, J. 2011: ‘The Travels of Marco Polo’, in J. Carey, M. Herbert and J. Knowles (eds), *Travelled Tales — Leabhar Scéalach Siúlach: Leabhar Leasa Móir i gColáiste na hOllscoile Corcaigh* (Cork) 22–5.
- CARNEY, J. 1955: *Studies in Irish Literature and History* (Dublin).
- COSGROVE, A. 1993: ‘Ireland beyond the Pale, 1399–1460’, in Art Cosgrove (ed.) *A New History of Ireland*, ii: *Medieval Ireland 1169–1354* (Oxford) 569–90.
- DE BENEDETTO, L. F. 1928: *Il Milione di Marco Polo* (Firenze).

- DUFFY, S. (ed.) 2005: *Medieval Ireland: An Encyclopedia* (New York and London).
- DUTSCHKE, C. W. 1993: ‘Francesco Pipino and the manuscripts of Marco Polo’s *Travels*,’ Unpublished PhD thesis, University of California, Los Angeles.
- FALCONER, S. 1953: *Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha*, ITS 38 (Dublin).
- GADRAT-QUERFELLI, C. 2015: *Lire Marco Polo au Moyen Age: traduction, diffusion et réception du Devisement du Monde* (Turnhout).
- GAUNT, S. (2013): *Marco Polo’s Le Devisement du Monde: Narrative Voice, Language and Diversity* (Cambridge 2013).
- GREENE, D. (ed.) 1955: *Fingal Rónáin and Other Stories* (Dublin).
- HARRIS, J. R. 1988: *Adaptations of Roman Epic in Medieval Ireland: Three Studies in the Interplay of Erudition and Oral Tradition* (Lampeter).
- HOLLAND, W. 1950: *History of West Cork and the Diocese of Ross* (Skibbereen).
- JENNINGS, B. 1934: ‘*Brevis Synopsis Provinciae Hiberniae FF. Minorum*’, *Analecta Hibernica* 6, 139–91.
- LAINÉ, P. L. 1839: *Généalogie de la Maison de Mac-Carthy anciennement Souveraine des Deux Momonies ou de l’Irlande Méridionale* (Paris).
- LARNER, J. 1999: *Marco Polo and the Discovery of the World* (New Haven, Connecticut, and London).
- MAC CANA, P. 1973: ‘On Celtic word-order and the Welsh “abnormal” sentence,’ *Ériu* 24, 90–120.
- MAC GEARAILT, U. 2012: ‘Middle Irish archaisms in Early Modern Irish prose’, *Studia Hibernica* 38, 57–116.
- , 1996: ‘Litríocht phrós na Gaeilge Moiche,’ in Ruairí Ó hUiginn (ed.), *Léann na Gaeilge: Súil Siar, Súil chun Cinn*, Léachtaí Cholm Cille 26, 7–39.
- MCMANUS, D. 1994: ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’, in *SnaG*, 335–445.
- , 2002: ‘The language of the *Beatha*’, in Pádraig Ó Riain, *Beatha Aodha Ruaidh: The Life of Red Hugh O’Donnell Historical and Literary Contexts*, ITS Subsidiary Series 12 (Dublin) 54–73.
- MILES, B. 2011: *Heroic Saga and Classical Epic in Medieval Ireland* (Cambridge).
- NICHOLLS, K. 1993: ‘The development of lordship in County Cork, 1300–1600’, in Patrick O’Flanagan and Cornelius Buttner (eds), *Cork History and Society* (Dublin), 157–211.
- Ó CATHÁIN, S. 1933: ‘Some studies in the development from Middle to Modern Irish, based on the Annals of Ulster’, *ZCP* 19 (1933) 1–47.
- Ó CONCHÚIR, B. 1982: *Scríobhaithe Chorcaí, 1700–1850* (Dublin).
- Ó CORRÁIN, D. 2017: *Clavis Litterarum Hibernensium*, 3 vols (Turnhout).
- Ó CUÍV, B. 1981: ‘A fragment of Irish annals’, *Celtica* 14, 83–104.
- , 1983a: ‘A poem for Fíngin Mac Carthaigh Riabhach’, *Celtica* 15, 96–110.
- , 1983b: ‘Observations on the Book of Lismore’, *PRIA* 83C, 269–92.
- Ó MACHÁIN, P. 2014: ‘Aonghas Ó Callanáin, Leabhar Leasa Móir agus an *Agallamh bheag*’, in Aidan Doyle and Kevin Murray (eds), *In Dialogue*

212 AN MARCO POLO GAEILGE AGUS FÍNGHEAN MAC CARTHAIGH RIABHACH

- with the *Agallamh: Essays in Honour of Seán Ó Coileáin* (Dublin), 114–63.
- , 2018: ‘Ealaín na lámhscríbhinní: Leabhar Leasa Móir agus muintir Longáin,’ in Pádraig Ó Macháin and Sorchá Nic Lochlainn (eds), *Leabhar na Longánach: The Ó Longáin Family and their Manuscripts* (Cork), 175–216.
- Ó MURCHADHA, D. 2004: ‘Glaislinn and *Inis na hEidnigi*’, *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 109, 111–18.
- , 1988: ‘The castle of Dún Mic Óghmainn and the overlordship of Carbery’, *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 93, 73–82.
- PALANDRI, A. (le teacht): ‘The Irish adaptation of Marco Polo’s *Travels*: mapping the route to Ireland’, *Ériu* 69.
- , 2018: ‘A study of the Irish adaptation of Marco Polo’s *Travels* from the Book of Lismore’, unpublished PhD thesis, University College, Cork.
- QUIN, G. 1939: *Stair Ercuil ocus a Bhás*, ITS 38 (London).
- SHARPE, R. 2015: ‘Medieval manuscripts found at Bonamargy friary and other hidden manuscripts’, *Studia Hibernica* 41, 49–85.
- STOKES, W. 1896–7: ‘The Gaelic abridgment of the Book of Ser Marco Polo’, *ZCP* 1 (1896–7) 244–73, 362–438.
- , 1899: ‘The Gaelic Maundeville’, *ZCP* 2, 1–62 agus 226–300.
- THURNEYSSEN, R. (ed.) 1935: *Scéla Mucce Meic Dathó* (Dublin).
- WARE, J. 1665: *De praesulibus Hiberniae commentarius a prima gentis Hibernicae ad fidem Christianam conversione ad nostra usque tempora per Jacobum Waraeum* (Dublin).
- YULE, H. 1993: *The Travels of Marco Polo: the Complete Yule-Cordier Edition*, 2 vols (New York).

ANDREA PALANDRI

Dublin Institute for Advanced Studies